V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10738 – LEAR / IG BAUERHIN)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 107/07)

1. An 15 Márta 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Lear Corporation ("Lear", Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— IG Bauerhin GmbH ("IGB", an Ghearmáin).

Gheobhaidh Lear rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar IGB.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is soláthraí suíocháin gluaisteán é Lear (lena n-áirítear cóimeáil díreach in am de chórais iomlána suíocháin, agus mataí teasa teirmeacha suíochán agus comhpháirteanna aerála), úmacha sreinge agus leictreonaic do chuideachtaí móra gluaisteán,

— Is soláthraí comhpháirteanna gluaisteán é IGB, mar shampla mataí teasa teirmeacha suíochán, córais aerála suíochán, téitheoirí dromchla taobh istigh, téitheoirí agus braiteoirí roth stiúrtha, braiteoirí suíocháin, agus modúil rialaithe leictreonacha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10738 – LEAR / IG BAUERHIN

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË